



FIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Intéirneachtaí taighde (Meán Fómhair 2014 – Iúil 2016)

Béaloideas agus logainmneacha – Deis do bhunchéimithe sa Ghaeilge

Tuarastal: €19,665 sa bhliain

An clár intéirneachta

Tá sé (6) áit ar fáil ar chlár intéirneachta a mhairfidh 23 mí chun bunchéimithe sa Ghaeilge a oiliúint i scileanna taighde, eagarthóireachta agus bainistíochta sonraí i réimsí an bhéaloidis agus na logainmneacha Gaeilge. Beidh na céimithe go léir fostaithe in FIONTAR ag obair ar an mórtionscadal www.duchas.ie. Beidh deis ag beirt intéirneach d'íobh seo leath a gcuid ama a chaitheamh i mbun taighde logainmneacha sa Bhrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta.

Déanfaidh FIONTAR an clár a riar. Intéirneachtaí lánaimseartha iad seo le gnáthuaireanta an chloig oifige, agus iad lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Beidh 20 lá saoire sa bhliain ar fáil. Réachtálfar sraith ceardlann oiliúna do na hintéirneach i modhanna taighde agus eagarthóireachta agus i gcruinneas na Gaeilge.

Cáilíochtaí riachtanacha: bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2:1 ar a laghad i ngné na Gaeilge den chéim). Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. Is gá bunscoilanna ríomhaireachta a bheith ag iarrthóirí freisin.

Beidh trí chéim sa phróiseas earcaíochta: (i) ba chóir an fhoirm iarratais a líonadh i nGaeilge, féach: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml; (ii) déanfar gearrliosta agus réachtálfar tástáil i scríobh agus i gcruinneas na Gaeilge agus (iii) cuirfear agallamh ar iarrthóirí a n-éireoidh leo sa scrúdú sin.

Ní mór a bheith sásta oibriú i meitheal idirdhisciplíneach, a bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Deis mhaith í seo do dhaoine le buncháilíochtaí, ar mhaith leo oiliúint acadúil agus taithí ghairmiúil a fháil ar scileanna eagarthóireachta taighde agus ar acmhainní teanga.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun an clár intéirneachtaí a phlé. Má tá ceisteanna agat déan teagmháil le clare.coughlan@dcu.ie, (01-7006577)

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 23 Bealtaine 2014.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó :
Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie

Fostóir comhdhiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Comhfhiontar is ea an clár intéirneachta seo idir an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta agus Fiontar, DCU.